Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/266

12.2.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/266 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11 Feabhra 2025**

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar gheall ar earráid theicniúil, bhí an Iarscríbhinn ina liostaítear cuideachtaí comhoibríocha eile, dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 ón gCoimisiún ([2]), ar iarraidh sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Ní mór an Iarscríbhinn a chur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 chun cur chun feidhme cuí an ghnímh sin a áirithiú.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 a cheartú dá réir.

(3) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45, chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán Cur Chun Feidhme sin i bhfeidhm go cuí maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile a bheidh faoi réir na dleachta frithdhumpála.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 mar Iarscríbhinn é.

---

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2025/45, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/45/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 10 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne (an tSín):

| Tír | Ainm | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| An tSín | Lingong Heavy Machinery Co., Ltd. | 89DP |
| An tSín | Zoomlion Intelligent Access Machinery Co., Ltd. | 89DQ |
| An tSín | XCMG Fire Fighting Safety Equipment Co., Ltd. | 89DR |
| An tSín | Sunward Intelligent Equipment Co., Ltd. | 89DS |
| An tSín | Haulotte Access Equipment Manufacturing (Changzhou) Co., Ltd. | 89DT |
| An tSín | Fronteq (Changzhou) Machinery Co., Ltd. | 89DU |
| An tSín | Jiangsu Liugong Machinery Co., Ltd. | 89DV |
| An tSín | Hangcha Group Co., Ltd. | 89DW |
| An tSín | Shandong Chufeng Heavy Industry Machinery Co., Ltd. | 89DX |
| An tSín | Reeslift Ltd. | 89DY |
| An tSín | Mantall Heavy Industry Co., Ltd | 89DZ |
| An tSín | Shandong Qiyun Group Co., Ltd | 89EA |
| An tSín | Jinan Juxin Machinery Co., Ltd | 89EB |
| An tSín | Shandong Yuntian Intelligent Machinery Equipment Co., Ltd. | 89EC |